An Roinn Oideachais
Department of Education

# Tacú le Boird Bhainistíochta i mBunscoileanna agus Scoileanna Speisialta

## Treoir maidir le ceannaireacht ar theagasc agus ar fhoghlaim


Nollaig 2023



# Clár




| | |
|---|---|
| Réamhrá | 3 |
| Do ról mar chomhalta boird | 4 |
| Formhaoirseacht agus Rialachas | 5 |
| Cé a threoraíonn teagasc agus foghlaim sa scoil? | 6 |
| Cad is féidir le comhaltaí boird a dhéanamh chun an teagasc agus an fhoghlaim a threorú? | 7 |
| Cad a deirtear sa Lámhleabhar Rialachais faoin gceannaireacht? | 8 |
| Cad a deirtear sa Lámhleabhar Rialachas faoi phleanáil scoil? | 10 |
| Ceannaireacht ar theagasc agus ar fhoghlaim | 12 |
| Ag Breathnú ar an Scoil Againne – Réimse 1 Ceannaireacht ar theagasc agus ar fhoglaim | 14-15 |
| Conas a ghlacann an bord agus an scoil páirt i bhFéinmheastóireacht Scoile? | 16 |
| Roinnt ceisteanna is féidir leis an mbord a chur | 17 |
| Cuimhnigh nach féidir leat gach rud a dhéanamh! | 18 |



# Réamhrá

Cuirtear fáilte chroíúil romhat thar ceann na Roinne Oideachais de réir mar a ghlacann tú le d'áit ar Bhord Bainistíochta bunscoile. B'fhéidir go bhfuil tú ag fónamh ar bhord den chéad uair nó go ndearna tú é roimhe seo. Tá an scoil agus an pobal an-bhuíoch gur aontaigh tú le tabhairt faoin obair ríthábhachtach fhiúntach seo. Ó tugadh boird bhainistíochta isteach inár mbunscoileanna den chéad uair sa bhliain 1975, rannchuidigh na mílte oibrithe deonacha le bainistíocht agus oibríocht bunscoileanna agus scoileanna speisialta. Ba cheart buíochas mór a ghabháil le gach comhalta boird, go háirithe iad sin a thugann a gcuid ama go deonach chun an obair an-luachmhar seo a chur i gcrích. Cuireann an Roinn Oideachas fáilte ó chroí roimh gach comhalta boird agus iad ag glacadh áit ar bhord bainistíochta bunscoile. Baineann na mílte daltaí ar fud na tíre tairbhe gach bliain as díograis agus dúthracht na mBord Bainistíochta. Is é atá i gceist leis an gcuid is mó d'obair an bhoird bainistíochta ná a chinntiú go soláthraíonn an scoil an t-oideachas is fearr is féidir dá daltaí uile i dtimpeallacht shábháilte shona. Tá sé faoin mbord fís a bhunú don scoil, cultúr dearfach scoile a chruthú agus éachtaí sa phobal scoile a cheiliúradh.  Beidh na treoirlínte éagsúla agus na cáipéisí taca mar bhonn eolais do do chuid oibre ar an mbord lena n-áirítear na nósanna imeachta um Fhéinmheastóireacht Scoile (FMS), na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí, na Gnásanna Frithbhulaíochta agus ábhar oiliúna na Roinne Oideachais mar *Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2023 – 2027* agus *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022: Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna agus do Scoileanna Speisialta*. D'fhéadfadh an *Ráiteas Polasaí Folláine & Creat Cleachtais 2018–2023* a bheith mar thacaíocht do do chuid oibre freisin. Tabharfaidh forais pátrúnachta cabhair chomh maith. Beidh an Chairt Mac Léinn agus Tuismitheoirí[1] mar threoir duit freisin agus tú ag obair leis na daltaí agus na tuismitheoirí.

---

[1] D'fhoilsigh an tAire an Bille Oideachais (Cairt Mac Léinn agus Tuismitheoirí) 2019 i Meán Fómhair 2019. Faoin reachtaíocht atá molta beidh sé de cheangal ar gach scoil dul i gcomhairle le tuismitheoirí agus scoláirí, agus Cairt Mac Léinn agus Tuismitheoirí a fhoilsiú. Leis an reachtaíocht atá molta déanfar foráil don Aire chun treoirlínte náisiúnta a leagan amach a leanfaidh scoileanna agus a gcairt féin á dréachtú agus á cur i bhfeidhm acu. Tráth foilsithe an lámhleabhair seo, bhí tús curtha ag an mBille lena thuras trí thithe an Oireachtais. Tá an Bille rite ag an Seanad agus críochnaíodh an dara céim sa Dáil i mí Iúil 2021 agus tá an Roinn ag fanacht ar ordú chun dul ar aghaidh go céim an Choiste. Tá sé tábhachtach mar sin seiceáil a dhéanamh ar an suíomh gréasáin www.gov.ie/education le haghaidh an staid suas chun dáta maidir leis sin.

# Do ról mar chomhalta boird

Is é do ról mar chomhalta boird ná tacaíocht a thabhairt don scoil oideachas iomchuí a sholáthar do gach dalta. Cuireann dea-cheannaireacht ón mbord, ón bpríomhoide, ón leasphríomhoide, ó shealbhóirí poist agus ó mhúinteoirí, leis an dóchúlacht go n-éireoidh le gach dalta. De réir *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022: Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta* roinntear ceannaireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc i gceithre réimse:

1 Cultúr athmhachnaimh, feabhsucháin, comhoibrithe, nuálaíochta agus cruthaitheachta san fhoghlaim, sa teagasc agus sa mheasúnú a chur chun cinn. Cé na nithe is féidir linn a dhéanamh ar bhealach níos fearr?

2 Tiomantas d'ionchuimsiú, do chomhionannas deiseanna agus d'fhorbairt iomlánaíoch gach dalta a chothú.  An mbíonn gach dalta ag baint tairbhe as an oideachas sa scoil?

3 Pleanáil agus cur i bhfeidhm an churaclaim a bhainistiú. Cad atá á fhoghlaim ag daltaí agus conas atá siad ag foghlaim?

4 Foghlaim ghairmiúil na múinteoirí a chothú a shaibhríonn foghlaim na múinteoirí agus na ndaltaí.

Conas a thugtar tacaíocht do mhúinteoirí chun múineadh agus chun cabhrú le daltaí foghlaim chomh maith agus is féidir leo?

# Formhaoirseacht agus Rialachas

Meabhraítear do chomhaltaí boird nach mór imeachtaí an bhoird a choinneáil faoi rún. Chomh maith leis sin feidhmíonn an bord mar eintiteas corparáideach agus is cuid de comhchoiste dlíthiúil iad na comhaltaí. Is le formhaoirseacht agus le rialachas a bhainfidh formhór do chuid oibre ar an mbord Bainistíochta.

Is é atá i gceist le formhaoirseacht ná a sheiceáil go ndearnadh tasc éigin. Is féidir nach mbeidh ar an mbord an tasc a dhéanamh, ach is féidir leis a sheiceáil go ndearna an duine atá as dtuismitheoirí an tasc. Ní eile atá i gceist le formhaoirseacht is ea bheith ar an eolas faoi na tascanna ba cheart a dhéanamh.

Is é atá i gceist le rialachas ná a sheiceáil gur cloíodh leis na treoirlínte, na nósanna imeachta agus na rialacha is cuí chun an tasc a dhéanamh. Moltar don bhord bheith ar an eolas faoi cé hiad na baill foirne a d'fhéadfadh bheith freagrach as na tascanna sin. Is féidir leo cabhrú leis an mbord formhaoirseacht agus rialachas a dhéanamh ar fhoghlaim agus ar theagasc.

**An Bord Bainistíochta agus na Comhlachtaí Pátrúnachta**

**Pátrún na Scoile**

Tá an Bord Bainistíochta cuntasach don phátrún agus don Aire.

Is é an pátrún a cheapann an Bord Bainistíochta chun an scoil a bhainistiú ar son an phátrúin ar mhaithe leis na scoláirí agus na mBunscoileanna.

Tá an Bord Bainistíochta freagrach don phátrún as seasamh le sainspiorad (éiteas) na scoile.

- An Foras Pátrúnachta
- Cumann Bainisteoirí na mBunscoilean na Caitliceacha
- Bord Oideachais Eaglais na hÉireann
- Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann
- Foghlaim le Chéile
- Comhlachas Náisiúnta na mBord Bainistíochta i Scoileanna Speisialta
- Bord Bunoideachais Moslamach

**An Bord Bainistíochta**

Tá tuiscint shoiléir ag na boird is rathúla ar a ról maidir le ceannaireacht teagaisc agus foghlama. Moltar duit cur chuige páisteláraithe a ghlacadh maidir le cinnteoireacht. Ba chóir go mbeadh leas na ndaltaí i gcroílár gach cinneadh.


# Cé a threoraíonn teagasc agus foghlaim i do scoil?


Braitheann líon na bpost ceannaireachta i do scoil ar líon na bpost múinteoireachta. Ina dhiaidh sin, braitheann líon na bpost múinteoireachta ar líon na ndaltaí atá cláraithe sa scoil. Leagtar amach sa tábla thíos líon na bpost ceannaireachta a leithdháileadh ar do scoil. Mar shampla, má tá sé phost múinteoireachta ann, beidh príomhoide, agus príomhoide tánaisteach agus príomhoide cúnta II amháin agaibh. Cé go bhfuil freagracht iomlán ar an bpríomhoide i dtaca le bainistíocht na scoile ó lá go lá, tá róil cheannaireachta ag daoine eile sa scoil. I gCiorclán 0044/2019, leagtar amach an creat ceannaireachta agus bainistíochta i gcomhair post i mbunscoileanna aitheanta mar aon le nósanna imeachta earcaíochta agus ceapacháin do mhúinteoirí cláraithe, príomhoidí cúnta, príomhoidí tánaisteacha agus príomhoidí. De réir phrionsabal na ceannaireachta dáilte, bíonn príomhoidí cúnta ag obair i bhfoirne i gcomhar leis an bpríomhoide agus / nó an bpríomhoide tánaisteach agus tá freagracht roinnte acu ar chóimhéid le leibhéal an phoist, as réimsí ar nós teagasc agus foghlaim.

| Postanna Teagaisc | Príomhoide | Príomhoide Tánaisteach | Príomhoide Cúnta I | Príomhoide Cúnta II |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 👤 | | | |
| 2 | 👤 | 👤 | | |
| 3 | 👤 | 👤 | | |
| 4 – 7 | 👤 | 👤 | | 👤 |
| 8 | 👤 | 👤 | | 👤👤 |
| 9 – 17 | 👤 | 👤 | | 👤👤👤 |
| 18 – 19 | 👤 | 👤 | 👤 | 👤👤👤 |
| 20 – 24 | 👤 | 👤 | 👤 | 👤👤👤👤 |
| 25 – 31 | 👤 | 👤 | 👤👤 | 👤👤👤👤 |
| 32 – 33 | 👤 | 👤 | 👤👤 | 👤👤👤👤👤 |
| 34 – 35 | 👤 | 👤 | 👤👤 | 👤👤👤👤👤👤 |
| 36 – 37 | 👤 | 👤 | 👤👤 | 👤👤👤👤👤👤👤 |
| 38 – 39 | 👤 | 👤 | 👤👤 | 👤👤👤👤👤👤👤👤 |
| 40 – 41 | 👤 | 👤 | 👤👤👤 | 👤👤👤👤👤👤👤👤 |
| 42 – 43 | 👤 | 👤 | 👤👤👤 | 👤👤👤👤👤👤👤👤👤 |
| 44 – 45 | 👤 | 👤 | 👤👤👤👤 | 👤👤👤👤👤👤👤👤👤 |
| 46 – 49 | 👤 | 👤 | 👤👤👤👤 | 👤👤👤👤👤👤👤👤👤👤 |
| 50 – 59 | 👤 | 👤 | 👤👤👤👤👤 | 👤👤👤👤👤👤👤👤👤👤👤 |
| 60+ | 👤 | 👤 | 👤👤👤👤👤 | 👤👤👤👤👤👤👤👤👤👤👤👤 |

# Cad is féidir le comhaltaí boird a dhéanamh chun an teagasc agus an fhoghlaim a threorú?

Tús maith ná na doiciméid a léamh a chabhróidh leat mar chomhalta boird do ról maidir le teagasc agus foghlaim a threorú a thuiscint.







1. Leagtar amach na rialacha agus na struchtúir atá le leanúint ag boird sa *Lámhleabhar Rialachais le haghaidh Bunscoileanna 2023 - 2027.* Tá treoir ar leith ar leathanaigh 9, 10 agus 11.
2. *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022: Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna agus do Scoileanna Speisialta.* Déantar cur síos ar dhea-chleachtas mar gheall ar cheannaireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc ar leathanaigh 34 agus 35.
3. Tabharfaidh *Féinmheastóireacht Scoile: Na Chéad Chéimeanna Eile Meán Fómhair 2022–Meitheamh 2026* tacaíocht do scoileanna chun a bheith chomh héifeachtach agus is féidir leo agus iad ag tacú le daltaí a ndícheall a bhaint amach.

# Cad a deirtear sa Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna faoin gceannaireacht?



Is iad an dá réimse sa *Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2023 - 2027* a chabhróidh leat tuiscint a fháil ar conas is féidir leat do chuid oibre a dhéanamh i dtaca le ceannaireacht teagaisc agus foghlama ná:

**Mír 1.8 Ceannaireacht Scoile**

## Ceannaireacht Scoile

Tá ceannaireacht ardchaighdeáin ríthábhachtach chun cuspóir agus fís lárnach a bhunú do scoil agus chun torthaí oideachais agus eispéiris foghlama ar ardchaighdeán a bhaint amach do dhaltaí. In *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022: Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta* soláthraítear comhthuiscint ar an gcuma atá ar chleachtais éifeachtacha agus an-éifeachtach i dtaca le foghlaim, teagasc, ceannaireacht agus bainistíocht i gcóras scolaíochta na hÉireann. Leanann sé ar aghaidh ó fhoilsiú 2016 den ainm céanna agus soláthraítear ann sé shraith aontaithe agus comhleanúnach de chaighdeáin do dhá ghné d'obair na scoileanna:

- Foghlaim agus teagasc
- Ceannaireacht agus bainistíocht

Is é príomhchuspóir na ceannaireachta agus na bainistíochta scoile ná timpeallacht a chruthú agus a chothú a thacaíonn le cúram, foghlaim agus teagasc ardchaighdeáin do dhaltaí. Méadaítear leis an dea-cheannaireacht éifeachtacht iomlán na scoile go ginearálta ach tá sé thar a bheith tábhachtach i gcomhthéacs sheachadadh éifeachtach an churaclaim, forbairt agus cur i bhfeidhm beartas, féinmheastóireacht scoile agus cultúr agus timpeallacht scoile atá dearfach agus ioncuimsitheach a chruthú do na daltaí agus baill foirne uile.

Tá an imlitir ábhartha ón Roinn maidir le hearcaíocht, ardú céime agus ceannaireacht le haghaidh múinteoirí cláraithe i mbunscoileanna aitheanta ar fáil ar gov.ie/education. Leagtar amach ann creat ceannaireachta, agus bainistíochta le haghaidh poist cheannaireachta inscoile i mbunscoileanna aitheanta. Tá prionsabail na ceannaireachta dáilte mar bhonn agus mar thaca ag an gcreat ceannaireachta agus solúbthacht ann maidir le riachtanais cheannaireachta agus bhainistíochta na scoile atá ag teacht chun cinn a aithint agus a chur in ord tosaíochta. Ciallaíonn ceannaireacht dáilte go n-oibríonn na príomhoidí, na príomhoidí tánaisteacha, na príomhoidí cúnta agus na múinteoirí le chéile chun freagracht a roinnt as torthaí foghlama agus eispéiris foghlama na ndaltaí. Tá an creat ceannaireachta dáilte deartha chun cabhrú le Boird/BOOnna príomhoidí, príomhoidí tánaisteacha agus príomhoidí cúnta a earcú, agus sealbhóirí poist a shannadh agus a athshannadh chuig róil agus freagrachtaí sonracha chun freastal ar riachtanais athraitheacha chomhthéacs scoile. Tá múnla na ceannaireachta dáilte mar bhonn agus mar thaca ag na gníomhaíochtaí ceannaireachta uile.

Ní mór do bhoird bhainistíochta/BOOnna a bheith eolach ar a thábhachtaí atá sé an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus na príomhoidí cúnta a spreagadh agus a éascú chun a ról ceannaireachta sa scoil a fhorbairt agus a fheidhmiú go héifeachtach. Tá infheistíocht shuntasach déanta ag an Roinn chun inniúlacht ghairmiúil ceannairí scoile a fhorbairt trína seirbhísí tacaíochta. Le Oide, tugtar tacaíocht d'fhoghlaim proifisiúnta ceannairí scoile agus múinteoirí in Éireann trí fhoghlaim ghairmiúil atá nuálach agus ar ardchaighdeán a fhorbairt a chuireann ar a gcumas acu freastal ar riachtanas oideachais gach foghlaimeora. Tugtar réimse tacaíochtaí um fhorbairt ceannaireachta ar fáil do cheannairí scoile le seirbhís tacaíochta Oide, tacaíochtaí do phríomhoidí nua-cheaptha, ceannairí meánbhainistíochta agus ceannairí seanbhunaithe san áireamh.

# Cad deirtear sa an Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna faoi phleanáil scoile?

**Mír 1.9 Pleanáil Scoile**

## Pleanáil Scoile

Faoin Acht Oideachais 1998 tá an Bord freagrach as socrú a dhéanamh chun plean scoile a ullmhú, agus a chinntiú go ndéantar é a athbhreithniú agus a uasdhátú ar bhonn rialta. Leagtar amach sa Phlean Scoile fealsúnacht oideachais na scoile, a cuid aidhmeanna agus an dóigh ina bhfuil sé socruithe aici iad a bhaint amach. Ní mór riachtanais foghlama na ndaltaí a bheith i gcroílár gach pleanála, agus caithfidh go ndíreofaí sa phlean scoile ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim a dhéantar sa scoil.

Ní doiciméad statach é an plean scoile. Déantar é a leasú de réir mar a athraíonn agus a fhorbraíonn riachtanais phobal na scoile. Caithfear é a athbhreithniú agus a uasdhátú go rialta. Mar sin, is é ceann de na chéad tascanna a bhíonn le cur i gcrích ag Bord nuacheaptha ná an plean scoile a mheas go cúramach. Tá an plean scoile mar bhunús le hobair na scoile ar an iomlán agus mar bhunús le meastóireacht agus tuairisciú ar dhul chun cinn agus ar fhorbairt na scoile uile.

Le Curaclam na Bunscoile (1999) soláthraítear eispéiris teagaisc agus foghlama atá leathan agus saibhrithe dár bpáistí agus tá sé le fáil ag Curriculum curriculumonline.ie. Mar sin féin, ó forbraíodh é tá go leor athraithe sa domhan agus sna seomraí ranga agus tá an curaclam ag athrú anois. Chuir an Roinn Oideachais scoileanna ar an eolas maidir le foilsiú Creatchuraclam na Bunscoile (An Creat) i mí an Mhárta 2023 Ciorclán 0017/2023. Leagtar amach sa Chreat an fhís agus na prionsabail do churaclam athfhorbartha, nua-aimseartha agus is é a mhúnlóidh obair na mbunscoileanna agus na scoileanna speisialta go léir sna blianta atá le teacht.

Tugtar isteach leis an gCreat príomhinniúlachtaí d'fhoghlaim leanaí, leagtar amach ann na príomhghnéithe agus na comhpháirteanna d'athfhorbairt iomlán churaclam na bunscoile, ag sonrú réimsí agus ábhair an churaclaim; agus leithdháileadh ama molta. Déantar nasc sa chreat le heispéiris foghlama a chuirtear ar fáil trí théamaí Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige agus leis na hábhair, na príomhscileanna agus na ráitis foghlama sa Chreat don tSraith Shóisearach.

Ba é Curaclam Teanga na Bunscoile (CTB) an chéad chuid den churaclam nua a tugadh isteach do scoileanna agus tá sé ag teacht leis an gCreat. Tugadh isteach é ar bhonn céimseach den chéad uair i Meán Fómhair 2016 ach tar éis aiseolas a fháil ó pháirtithe leasmhara, foilsíodh doiciméad curaclaim nuashonraithe do gach bunscoil agus scoil speisialta, ó naíonáin shóisearacha go rang a sé, i Meán Fómhair 2019.

Beidh Creatchuraclam na Bunscoile mar threoir don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) maidir le sonraíochtaí a fhorbairt do na réimsí curaclaim go léir agus, seachas Curaclam Mata na Bunscoile a thabharfar isteach sa scoilbhliain 2023/24, tabharfar isteach na sonraíochtaí seo sa scoilbhliain 2025/2026.

Is féidir teacht ar eolas faoi réimsí uile an churaclaim nua ar gov.ie-Curaclam Bunscoile Nua (www.gov.ie)

# Ceannaireacht ar Theagasc agus ar Fhoghlaim. Cad a deirtear in Ag Breathnú ar an Scoil Againne faoi dhea-chleachtas?

## Caighdeán: cultúr athmhachnaimh, feabhsucháin, comhoibrithe, nuálaíochta agus cruthaitheachta san fhoghlaim, sa teagasc agus sa mheasúnú a chur chun cinn.

**Car a deirtear in Ag Breathnú ar an Scoil Againne faoi dhea-chleachtas?**

Spreagann ceannairí scoile múinteoirí go mór le smaoineamh ar conas is féidir foghlaim na ndaltaí a fheabhsú.

Tá an príomhoide agus na múinteoirí ar fad feasach ar dhul chun cinn na ndaltaí uile. Socraíonn siad ionchais arda do gach dalta agus cinntíonn siad go bhfuil gach dalta spreagtha, go bhfuil dul chun cinn á ndéanamh acu agus go bhfuil suim acu ina gcuid foghlama.

Forbraíonn an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil cultúr ina gcuirtear an fhoghlaim chun cinn go rathúil agus ina dtugtar tús áite di.

Dréachtaítear an plean feabhsúcháin scoile trí úsáid a bhaint as an bpróiseas Féinmheastóireachta Scoile nó as próiseas pleanála DEIS ag brath ar an scoil. Leagtar amach spriocanna feabhsúcháin do gach dalta sa phlean.

Buaileann na ceannairí scoile le chéile go rialta agus pléann siad an fhoghlaim agus tacaíonn siad le nuálaíocht agus cruthaitheacht san fhoghlaim agus sa teagasc. Tá plean feabhsúcháin scoile ina bhfuil spriocanna soiléire aitheanta ag na ceannairí scoile.

Spreagann an príomhoide na múinteoirí chun dea-chleachtas a roinnt lena chéile.

Déantar nuálaíocht agus cruthaitheacht san fhoghlaim agus sa teagasc a cheiliúradh sa scoil agus iad infheicthe ag pobal uile na scoile.

Tá na múinteoirí ar fad ar an eolas faoi na spriocanna sa phlean feabhsúcháin scoile. Tá na spriocanna le feiceáil tríd an scoil.

# Ceannaireacht ar Theagasc agus ar Fhoghlaim. Cad a deirtear in Ag Breathnú ar an Scoil Againne faoi dhea-chleachtas?

**Caighdeán: Tiomantas d'ionchuimsiú, do chomhionannas deiseanna agus d'fhorbairt iomlánaíoch gach dalta a chothú**

Déantar athbhreithniú rialta ar pholasaithe na scoile chun cleachtais uilechuimsitheacha a chinntiú.

Tá meas ag an mbord agus ag an bhfoireann ar an éagsúlacht agus ar an gcuimsiú. Tugann an bord agus an fhoireann dúshlán don leithcheal.

Deimhnítear go bhfuil éagsúlacht ag baint le gníomhaíochtaí curaclaim agus seachchuraclaim; cuirtear gach dalta san aireamh leo.

**Caighdeán: Pleanáil agus cur i bhfeidhm an churaclaim a bhainistiú**

Cinntíonn an príomhoide agus na múinteoirí go gcuirtear gach gné den churaclam i bhfeidhm.

Freastalaíonn an bord, an príomhoide agus na múinteoirí ar riachtanais na ndaltaí uile. Baintear úsáid as na *Treoirlínte do Bhunscoileanna: Ag Tacú le Daltaí i Scoileanna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais* chun tacú le dea-chleachtas.

**Caighdeán: Foghlaim ghairmiúil na múinteoirí a chothú a shaibhríonn foghlaim na múinteoirí agus na ndaltaí**

Tugann múinteoirí faoi chúrsaí agus gníomhaíochtaí foghlama proifisiúnta chun teagasc agus foghlaim na ndaltaí a fheabhsú.

Spreagann an bord múinteoirí chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí chun tacú le teagasc ardchaighdeáin.

Spreagtar múinteoirí chun páirt a ghlacadh i líonraí gairmiúla chun foghlaim na ndaltaí a fheabhsú.

**Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022: Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna agus do Scoileanna Speisialta. Raiteas ar chleachtas - Ceannaireacht agus bainistíocht.**

**Réimse 1: Ceannaireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc**

| Caighdeáin | Ráitis ar chleachtas éifeachtach | Ráitis ar chleachtas fíor-éifeachtach |
|---|---|---|
| **Cultúr athmhachnaimh, feabhsúcháin, comhoibrithe, nuálaíochta agus cruthaitheachta a chur chun cinn san fhoghlaim, sa teagasc agus sa mheasúnú** | Cothaíonn an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil cultúr machnaimh, foghlama agus cruthaitheachta. Go ginearálta, bíonn ionchais arda acu do dhaltaí agus stiúrann siad an fhoireann agus iad ag iarraidh torthaí feabhsúcháin a bhaint amach. Tacaíonn siad le cleachtas machnamhach agus cuireann siad cultúr feabhsúcháin chun cinn. | Cothaíonn an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil cultúr ina mbíonn **bláth** ar mhachnamh, ar fhoghlaim agus ar chruthaitheacht. **Stiúrann siad pobal na scoile chun tréaniarracht leanúnach a dhéanamh ar shármhaitheas trí ionchais arda a leagan síos do dhaltaí.** Cuireann siad cultúr feabhsúcháin leanúnaigh chun cinn **trí thacú le comhghleacaithe a bheith ina gcleachtóirí machnamhacha**. |
| | Úsáideann an príomhoide, in éineacht leo siúd atá i gceannas ar an bpróiseas, an FMS chun teagasc atá tarraingteach agus dúshlánach a spreagadh, chun tacú le hionchuimsiú rannpháirtíocht na ndaltaí agus na dtuismitheoirí i bhforbairt polasaí maidir le foghlaim agus teagasc agus chun suim na ndaltaí san fhoghlaim a mhéadú. | Úsáideann an príomhoide, agus iad siúd atá i gceannas ar an bpróiseas, an FMS **go han-éifeachtach** chun teagasc atá tarraingteach agus dúshlánach a spreagadh, chun tacú le hionchuimsiú rannpháirtíocht na ndaltaí agus na dtuismitheoirí i bhforbairt polasaí maidir le foghlaim agus teagasc agus **chun gach dalta a chumasú le bheith ina bhfoghlaimeoirí gníomhacha agus spreagtha**. |
| | Spreagann an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil na múinteoirí chun a gcleachtais foghlama, teagaisc agus mheasúnaithe a fhorbairt, agus a gcuid cleachtais a roinnt. | Bíonn an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil **ag súil le** agus ag spreagadh na múinteoirí chun a gcleachtais foghlama, teagaisc agus mheasúnaithe a fhorbairt agus **a leathnú**, agus **cleachtais ar éirigh leo foghlaim na ndaltaí a fheabhsú** a roinnt agus a phlé. |
| | Tacaíonn an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil le múinteoirí teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid ina gcleachtais foghlama, teagaisc agus mheasúnaithe, agus déanann siad meastóireacht ar éifeachtúlacht úsáid na dteicneolaíochtaí seo. | Treoraíonn an príomhoide agus ceannairí eile sa scoil **próiseas chun múinteoirí a chumasú** le teicneolaíochtaí digiteacha **a leabú** ina gcuid cleachtais foghlama, teagaisc agus mheasúnaithe, agus déanann siad meastóireacht **rialta** ar éifeachtúlacht úsáid na dteicneolaíochtaí seo. |
| | Spreagann an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil nuálaíocht agus cruthaitheacht. Aithníonn siad an luach atá ar ionchuir agus gnóthachtálacha aonair agus comhchoiteanna. | Cuireann an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil nuálaíocht agus cruthaitheacht chun cinn **go gníomhach**. **Fáiltíonn siad roimh agus ceiliúrann siad** ionchuir agus gnóthachtálacha aonair agus comhchoiteanna. |
| **Tiomantas d'ionchuimsiú, do chomhionannas deiseanna agus d'fhorbairt iomlánaíoch gach dalta a chothú** | Cinntíonn an bord bainistíochta agus an príomhoide go gcuirtear curaclam leathan agus éagsúlacht deiseanna foghlama ar fáil. | Cothaíonn an bord bainistíochta agus an príomhoide **forbairt iomlánaíoch na ndaltaí trí raon an-leathan deiseanna foghlama curaclaim, comh-churaclaim agus seach-churaclaim a sholáthar**. |
| | Cothaíonn na daoine sin a bhfuil róil ceann-aireachta agus bhainistíochta acu pobal scoile ionchuimsitheach. | Cothaíonn na daoine sin a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu pobal scoile ionchuimsitheach **a bhfuil luach soiléir aige ar an éagsúlacht agus a thugann dúshlán don leithcheal**. |
| | Tá na daoine sin a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu tiomanta do chinntiú go bhfuil gach polasaí scoile ábhartha cuimsitheach, agus go gcuirtear i bhfeidhm iad dá réir. | **Cinntíonn** na daoine sin a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu go bhfuil gach polasaí scoile cuí ionchuimsitheach agus go gcuirtear i bhfeidhm iad dá réir. |
| | Cloíonn na daoine sin a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu le prionsabail an ionchuimsithe agus an cheartais shóisialta chun comhionannas deiseanna a chur chun cinn do dhaltaí. Déanann siad a ndícheall a chinntiú go dtacaíonn gach ball foirne leis an éiteas seo. | **Bunaíonn** na daoine sin a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu prionsabail **shoiléire um** ionchuimsiú agus um cheartais shóisialta chun comhionannas deiseanna a **sholáthar** do dhaltaí **i ngach gné de shaol na scoile. Déanann siad amhlaidh i gcomhar leis an bhfoireann ar fad**. |
| | Léiríonn ceannairí scoile feasacht ar chultúr, ar éiteas agus ar chomhthéacs na scoile agus cuireann siad chun cinn iad go gníomhach. | **Cinntíonn** ceannairí scoile go **léirítear** cultúr, éiteas agus comhthéacs a scoile **i ngach gné de pholasaí agus cleachtas**. |

**Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022: Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna agus do Scoileanna Speisialta. Raiteas ar chleachtas - Ceannaireacht agus bainistíocht.**

**Réimse 1: Ceannaireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc**


| Caighdeáin | Ráitis ar chleachtas éifeachtach | Ráitis ar chleachtas fíor-éifeachtach |
|---|---|---|
| | Forbraíonn agus feidhmíonn na daoine sin a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu beartais agus cleachtais éifeachtacha a léiríonn ionchur na bpáirtithe leasmhara ar fad chun tacú le folláine oideachasúil, shóisialta agus phearsanta na ndaltaí. | Forbraíonn agus feidhmíonn na daoine sin a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu beartais agus cleachtais **fhíor-éifeachtacha** a léiríonn ionchur na bpáirtithe leasmhara ar fad chun tacú le folláine oideachasúil, shóisialta agus phearsanta na ndaltaí. |
| | Forbraíonn agus feidhmíonn na daoine sin a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu, i gcomhar le múinteoirí, polasaithe, nósanna imeachta agus cleachtais éifeachtacha chun bainistíocht íogair an aistrithe a éascú de réir mar a aistríonn daltaí laistigh de, idir agus trasna suíomhanna foghlama. Déanann siad idirchaidreamh le tuismitheoirí, le leanaí, le múinteoirí/ceannairí scoile ábhartha agus le gairmithe ábhartha eile chun leanúnachas agus comhleanúnachas a chinntiú i bhfoghlaim agus i dtaithí na ndaltaí. | Forbraíonn agus feidhmíonn na daoine sin a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu, i gcomhar le múinteoirí, polasaithe, nósanna imeachta agus cleachtais **fhíor-éifeachtacha** chun bainistíocht íogair an aistrithe a éascú agus **a chur chun cinn** de réir mar a aistríonn daltaí laistigh de, idir agus trasna suíomhanna foghlama. Déanann siad idirchaidreamh le tuismitheoirí, le leanaí agus le gairmithe ábhartha chun leanúnachas agus comhleanúnachas a chinntiú i bhfoghlaim agus i dtaithí na ndaltaí. **Tá struchtúir i bhfeidhm chun comhoibriú leanúnach a chumasú le tuismitheoirí, múinteoirí/ceannairí scoile, foireann tacaíochta agus daoine gairmiúla ábhartha eile, chun tacú le haistrithe rathúla**. |
| | Tá córais éifeachtacha ag an bpríomhoide, ag an bpríomhoide tánaisteach agus ag ceannairí eile na scoile chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar fhorbairt na ndaltaí. Aithníonn siad an tábhacht a bhaineann le monatóireacht chórasach chun cabhrú le daltaí a lánacmhainneacht a bhaint amach. | Tá córais **fhíor-éifeachtacha** ag an bpríomhoide, ag an bpríomhoide tánaisteach agus ag ceannairí eile na scoile chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar fhorbairt na ndaltaí. **Cinntíonn siad go n-úsáidtear na córais seo chun cabhrú le daltaí a lánacmhainneacht a bhaint amach.** |
| **Pleanáil agus cur i bhfeidhm an churaclaim a bhainistiú** | Soláthraíonn an bord bainistíochta agus an príomhoide curaclam leathan cothrom. | Soláthraíonn an bord bainistíochta agus an príomhoide curaclam leathan cothrom, **ag déanamh iarrachtaí tomhaiste eolasacha chun freastal ar riachtanais na ndaltaí.** |
| | Déanann an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil bainistíocht éifeachtach ar phleanáil a bhaineann leis an gcuraclam. | Déanann an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil bainistiú **straitéiseach** agus éifeachtach ar phleanáil a bhaineann leis an gcuraclam. |
| | Tá an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil tiomanta lena chinntiú go gcuirtear curaclam na scoile i bhfeidhm ar bhealach a sholáthraíonn eispéiris foghlama luachmhara, agus tá siad ag obair chuige sin. | **Oibríonn** an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil **ar bhealach a bhfuil cuspóir leis** lena chinntiú go gcuirtear gach gné de churaclam na scoile i bhfeidhm ar bhealach a chuireann **eispéiris foghlama luachmhara ar fáil do na daltaí go léir**. |
| **Foghlaim ghairmiúil na múinteoirí a chothú a shaibhríonn foghlaim na múinteoirí agus na ndaltaí** | Tacaíonn na daoine sin a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu le foghlaim ghairmiúil leanúnach na múinteoirí i raon réimsí. | Tugann na daoine sin a bhfuil róil cheannaireachta agus bhainistíochta acu tacaíocht do, **agus cuireann siad chun cinn**, foghlaim ghairmiúil leanúnach na múinteoirí i raon réimsí, **chun tacú le teagasc ardchaighdeáin**. |
| | Féachann an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil le deiseanna foghlama gairmiúla atá ábhartha agus a bhfuil cuspóir leo a aithint do mhúinteoirí. Spreagann siad rannpháirtíocht mar mhodh chun foghlaim agus teagasc a fheabhsú. | **Cuireann** an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil **foghlaim ghairmiúil chun cinn atá bunaithe ar fhianaise agus in oiriúint do riachtanais aitheanta na scoile. Uasmhéadaíonn siad deiseanna chun cumas agus inniúlacht na múinteoirí a fhorbairt** chun foghlaim agus teagasc a fheabhsú. |
| | Tacaíonn an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil le rannpháirtíocht na múinteoirí i líonraí gairmiúla. | Tugann an príomhoide, an príomhoide tánaisteach agus ceannairí eile sa scoil tacaíocht agus **spreagadh** do rannpháirtíocht ghníomhach na múinteoirí i líonraí gairmiúla **chun foghlaim na ndaltaí a fheabhsú**. |

# Conas a ghlacann an bord agus an scoil páirt i bhFéinmheastóireacht Scoile?

Tá Féinmheastóireacht Scoile (FMS) deartha mar phróiseas athbhreithnithe comhoibríoch, inmheánach scoile atá dírithe ar fheabhsú scoile. Úsáidtear é chun an plean feabhsúcháin scoile a scríobh. Tá an próiseas bunaithe ar fhaisnéis ó raon foinsí – lena n-áirítear faisnéis faoi na eispéiris foghlama leanaí agus daoine óga agus conas atá ag éirí leo ina gcuid foghlama. Is iad na buncheisteanna FMS do scoil ná:

1. Cé chomh maith is atá ag éirí linn?
2. Cén láidireachtaí atá againn?
3. Conas is féidir linn tógáil ar ár láidreachtaí?
4. Cad iad na réimsí feabhsúcháin atá againn?
5. Conas is féidir linn feabhas a bhaint amach?

Baineann an próiseas le láidreachtaí agus gnóthachtálacha na scoile a aithint chomh maith le réimsí le haghaidh feabhsú. Baineann sé le tógáil ar na rudaí dearfacha chomh maith leis na bearta riachtanacha a ghlacadh chun feabhsú leanúnach a chinntiú. Tá cuairteanna comhairleacha agus tacaíochta don FMS ar fáil ón gCigireacht. Má tá stádas DEIS ag an scoil úsáidtear an próiseas FMS chun plean DEIS a scríobh.







Is cáipéis aonair é *Féinmheastóireacht Scoile: Na Chéad Chéimeanna Eile 2022-2026* agus áirítear ann Ciorclán 0056/2022 na Roinne Oideachais. Leagtar amach ann na ceanglais atá ar scoileanna i dtaca le Féinmheastóireacht Scoile sa tréimhse ó Mheán Fómhair 2022 go Mí an Mheithimh 2026. Tugtar tacaíocht do FMS le *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022* ina leagtar amach critéir nó tuairisceoirí cáilíochta do scoileanna. Is éard atá i gceist le ABSA go bunúsach ná sraith caighdeán gur féidir le scoileanna a úsáid chun a ndul chun cinn a mheas.

# Roinnt ceisteanna is féidir leis an mbord a chur

1. Cad iad na riachtanais agus na tosaíochtaí atá aitheanta ag an scoil?

2. Cad iad na spriocanna atá sa phlean FMS / DEIS chun freastal ar na riachtanais seo?

3. An bhfuil tuairimí na dtuismitheoirí agus na ndaltaí curtha san áireamh maidir le teagasc agus foghlaim?

4. Ar roinneadh an plean FMS / DEIS le tuismitheoirí, daltaí agus comhaltaí boird?

5. An ndearna an príomhoide teagmháil leis an gcigire chun comhairle a fháil maidir le FMS?

6. Cén fhaisnéis mheasúnaithe atá ar fáil?

7. An bhfuil taifid foghlama ann do gach dalta?

8. Conas a chuireann an scoil cruthaitheacht agus nuálaíocht chun cinn san fhoghlaim agus sa teagasc?

9.  Ar bhain an bord leas as an traenáil?

10. Cén tionchar a bhí ag Covid ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar fholláine?

11. An bhfuil daltaí gafa agus socraithe ó Covid?

12.  Conas is féidir leis an mbord a chinntiú go gcuirtear feabhas ar eispéiris foghlama na ndaltaí ó Covid?

13. An bhfuil íomhánna, grianghraif agus pictiúir timpeall na scoile ionchuimsitheach? An léiríonn siad pobal na scoile?

14. An bhfreastalaíonn ábhair agus gníomhaíochtaí curaclaim ar riachtanais éagsúla na ndaltaí go léir?

15. Ar thacaigh an bord le forbairt ghairmiúil don fhoireann sa teagasc agus san fhoghlaim, maidir le teagasc agud foghlaim,éagsúlacht, comhionannas, agus ionchuimsiú?

16. An bhfuil campas na scoile inrochtana do gach dalta?

17. Cé chomh maith is atá tinreamh agus poncúlacht?

# Cuimhnigh nach féidir leat gach rud a dhéanamh![2]

| SEICLIOSTA CHUN TEAGASC AGUS FOGHLAIM A THREORÚ. | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | **Clár Oibre le haghaidh cruinniú boird** | Teagasc agus foghlaim a chur ar chlár oibre an chruinnithe. | |
| 2. | **Poist Cheannaireachta agus Poist Freagrachta** | Cé hiad na sealbhóirí poist i do scoil? Iarr ar gach sealbhóir poist cur síos a thabhairt don bhord ar na róil agus na freagrachtaí atá orthu maidir le teagasc agus foghlaim a stiúradh. Dáta a aontú chun athbhreithniú a dhéanamh ar róil agus ar fhreagrachtaí (Imlitir 0044/2019). Téigh i gcomhairle leis an bpríomhoide, an(na)leas-phríomhoide(í) agus leis an bpríomhoide/na príomhoidí cúnta chun a chinntiú go bhfreastalaíonn an ról agus na freagrachtaí ar riachtanais foghlama na ndaltaí. | |
| 3. | **Féinmheastóireacht Scoile / Plean DEIS** | An bhfuil an plean pléite ag an mbord? An bhfuil muid ar an eolas faoi spriocanna agus réimsí feabhsúcháin na scoile? Cén chaoi a bhfuil na daltaí ag dul ar aghaidh ina gcuid foghlama? | |
| | | An bhfuil spriocanna soiléire indéanta sa phlean? | |
| | | An ndeachthas i gcomhairle le daltaí agus le tuismitheoirí? Ar roinneadh an plean le pobal na scoile? | |
| 4. | **Cuairt Féinmheastóireachta Scoile** | Ar iarradh ar an gcigire comhairle a thabhairt maidir leis an bplean feabhsúcháin scoile? | |
| 5. | **Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022** | An ndearna na comhaltaí athbhreithniú ar leathanaigh 34 agus 35 de Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022: Creat cáilíochta do bhunscoileanna agus do scoileanna speisialta Réimse 1: Ceannaireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc. | |
| 6. | **Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna** | An bfuil athbhreithniú déanta ar leathanaigh 8 - 10 i Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna? | |
| 7. | **Tuarascálacha cigireachta nó cuairteanna cigireachta** | Cén moltaí a bhí déanta ag an gcigire? An bhfuil na moltaí á gcur chun cinn ag an scoil? | |
| 8. | **Comhoibriú** | Fiafraigh conas a chomhoibríonn múinteoirí. Fiafraigh díobh an bhfuil níos mó tacaíochta ag teastáil ó mhúinteoirí chun comhoibriú lena chéile. | |
| 9. | **Cruthaitheacht agus Nuálaíocht** | Labhair leis an bhfoireann agus cuir in iúl dóibh go bhfuil suim ag comhaltaí boird cloisteáil faoi bhealaí nua agus cruthaitheacha chun cabhrú le daltaí foghlaim. Tabhair cuireadh do mhúinteoirí cur síos faoi rudaí ar mhaith leo triail a bhaint astu. Cumarsáid a dhéanamh le pobal na scoile i gcoitinne faoi bhealaí cruthaitheacha a gcabhraíonn an scoil le daltaí foghlaim. | |
| 10. | **Ionchuimsiú** | Cad é ár mbeartas maidir le hionchuimsiú? An bhfuil réimse leathan gníomhaíochtaí ann chun a chinntiú go mbíonn deis ag gach dalta páirt iomlán a ghlacadh i saol na scoile | |
| 11. | **Aistrithe** | Conas a thacaíonn an scoil le daltaí nua atá ag teacht isteach sa scoil? Cén chaoi a dtacaíonn an scoil le daltaí atá ag fágáil? | |
| 12. | **Curaclam** | An bhfreastalaíonn an scoil ar riachtanais na ndaltaí ag gach leibhéal cumais? An dtugtar tacaíocht do gach dalta chun a gcumas a bhaint amach? | |
| 13. | **Tacaíocht** | Ar bhain comhaltaí boird leas as acmhainní agus oiliúint? | |

[2] Meabhraítear do chomhaltaí boird nach mór imeachtaí an bhoird a choinneáil faoi rún. Chomh maith leis sin feidhmíonn an bord mar eintiteas corparáideach agus is cuid de comhchoiste dlíthiúil iad na comhaltaí.

